# TUARASCÁIL BHLIANTÚIL FORFÁS 1 EANÁIR - 31 IÚIL 2014

Forfás

# Clár an Ábhair

Réamhrá 2

Maidir le Forfás 2

Clár Oibre Eanáir-Iúil 2014

Anailís agus Comhairle Bheartais 2

Gníomhaíocht Neamh-Bheartais 4

Creidiúnú 4

Seirbhísí Corparáideacha agus Comhroinnte 4

Bainistíocht Pinsean 5

Lánscor Forfás 5

Deontas Oireachtais 6

Rialachas Corparáideach 6

Bord Forfás 10

Ráitis Deiridh Airgeadais (1 Eanáir - 1 Lúnasa 2014) 11

# Réamhrá

Ba é Forfás an bord comhairleach náisiúnta beartais um fhiontraíocht, thrádáil, eolaíocht, theicneolaíocht agus nuálaíocht agus ba ghníomhaireacht é de chuid na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta é (RPFN) go dtí deireadh Iúil 2014, an dáta ar lánscoradh é, de réir fhorálacha An Achta um Fhorbairt Tionsclaíochta (Lánscor Forfás) 2014. Ar lánscor Forfás mar eintiteas dleathach, imeascadh a acmhainn taighde bheartais sa Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, aistríodh Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (rannóg de chuid Forfás) go dtí an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus aistríodh feidhmeanna agus freagrachtaí eile go dtí forais eile. Sa chomhthéacs seo, is í seo Tuarascáil Deiridh Náisiúnta Forfás, maidir le tréimhse 1 Eanáir 2014 go 31 Iúil 2014.

# Maidir le Forfás

Ba é Forfás an bord comhairleach náisiúnta beartais um fhiontraíocht, thrádáil, eolaíocht, theicneolaíocht agus nuálaíocht. Le cois a phríomhfheidhmeanna anailís bheartais agus chomhairleach, áiríodh le gníomhaíochtaí Forfás in 2014 seirbhísí creidiúnaithe a sholáthar trí Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú agus comhsheirbhísí áirithe corparáideacha d'ÚFT Éireann, Fiontraíocht Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Forfás féin.

# Clár Oibre Eanáir – Iúil 2014

Mhionsonraigh Forfás pleananna gnó 2014 inar leagadh amach a chroíthosaíochtaí beartais, gníomhaíochtaí creidiúnaithe agus nithe eile ar an gclár oibre. Ar aistriú go dtí eintitis dhlíthiúla eile dóibh, rinneadh cuid de chlár oibre na n-eintiteas siúd iad don chuid eile de 2014.

## Anailís agus Comhairle Bheartais

Mar ghníomhaireacht de chuid na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta (RPFN), lean Forfás de bheith ag obair go dlúth le RPFN agus comhghníomhaireachtaí Forfás, Fiontraíocht Éireann, ÚFT Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann, chun comhchoibheas beartas a chinntiú ar fud na ngníomhaíochtaí forbartha fiontar d'fhonn tacú le fás fiontar agus cruthú post le linn thréimhse na tuarascála seo.

Thug Forfás comhairle neamhspleách bheartais ar raon de réimsí beartais ó pheirspictíocht fiontar don Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta, do RPFN agus don Rialtas. Ba de shainchúram an Aire go leor de na réimsí beartais a chuaigh i bhfeidhm ar an bhfiontar ach is ar Airí agus Ranna eile a bhí an fhreagracht as roinnt eile, rud a chuir d'iallach ar Forfás bheith ag obair san iomad Ranna agus gníomhaireachtaí Rialtais. Áiríodh orthu seo réiteach aighneachtaí agus ionchuir réamh-cháinaisnéise na comhghníomhaireachta fiontar agus athbhreithnithe ar roinnt bearta cánachais de chuid na Roinne Airgeadais in 2014. Chomhlánaigh Forfás freisin anailísí ó pheirspictíocht fiontar agus iomaíochais, ar chroícheisteanna infheistíochta agus rialála, réimsí an iompair, an fhuinnimh agus na timpeallachta san áireamh.

Le cois obair leanúnach taighde beartais, thug Forfás comhairle bheartais fhreagrúil fíor-ama don Aire agus do RPFN ar réimse leathan de cheisteanna atá ag teacht chun cinn amhail réimsí

Olltiomsú Sonraí agus Anailísíocht Sonraí agus Nuálaíocht i bPróisis Seirbhísí agus Ghnó. Thacaigh Forfás le RPFN chomh maith i gcur chun cinn agus feidhmiú a comhairle.

Rinne Forfás obair na Comhairle Náisiúnta Iomaíochais, an Ghrúpa Saineolaithe ar Riachtanais Scileanna Amach Anseo agus an Ghrúpa Gníomhaíochta ar Bheartú Tosaíochtaí Taighde a bhainistiú agus thug tacaíocht taighde agus anailísíochta dóibh. D'oibrigh Forfás freisin i ndlúthpháirt le RPFN agus an Roinn Oideachais agus Scileanna ar fheidhmiú an Phlean Gníomhaíochta Scileanna TFC. Lean Forfás de thacú le hobair na Comhairle Trádála Easpórtála agus bhí ionchur aige san athbhreithniú ar *Straitéis Trádála, Turasóireachta agus Infheistíochta na hÉireann*, faoi cheannaireacht na Roinne Gnóthaí Eachtracha agus Trádála.

Bhí ról comhordú beartais ag Forfás maidir le feidhmeanna a comhghníomhaireachtaí, Fiontraíocht Éireann, ÚFT Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann. Chomhlánaigh Forfás an *Suirbhé Fostaíochta 2013* ar an mbunachar cliant a fhaigheann cúnamh ón ngníomhaireacht. Chomhlánaigh Forfás freisin roinnt breithmheasanna ar idirghabhálacha beartas fiontar lena n-áirítear cláir forbartha agus meantóireachta gnó na ngníomhaireachtaí.

I gcomhairle bheartais Forfás in 2014, tugadh faoi cheithre réimse fhoriomlána beartais a bhfuil ríthábhacht leo maidir le rath an fhiontair in Éirinn.

| | |
|---|---|
| **Fiontar** | Tacú le forbairt fiontair agus poist inbhuanaithe chuí |
| **Eolas & Nuálaíocht** | A chinntiú go mbíonn taighde agus teicneolaíocht le leas lucht gnó na hÉireann |
| **Iomaíochas** | A chinntiú gur áit mhaith í Éire le gnó a dhéanamh |
| **Daoine** | Fórsa saothair ardscileanna, ardbhuanna agus solúbtha a chothú |

Le linn 2014 lean Forfás de chomhairle agus moltaí beartais ardcháilíochta, bunaithe ar fhianaise a thabhairt don Rialtas, lenar áiríodh ról lárnach sa phróiseas déanta beartas agus ról ceannais i réiteach *Plean Gníomhaíochta na bPost 2014* agus roinnt beart atá sa Phlean Gníomhaíochta a sholáthar. Áiríodh leis na tionscnaimh ar tugadh fúthu tairiscint le haghaidh córas comhtháite iarratais ceadúnaithe do lucht gnó i gcomhar leis an nGníomhaireacht Bhainistíochta Rialtais Áitiúil agus le RPFN.

Áiríodh le hobair bheartais eile a rinneadh in 2014 obair i dtreo Straitéis Mhéantréimhseach Fiontar go 2015 a fhorbairt agus Ráiteas Beartais RPFN FDI agus foilsiú na dtuarascálacha seo a leanas, atá bunaithe ar thaighde agus anailísíocht a rinne Forfás:

- *Cárta Scóir Iomaíochais na hÉireann 2014 (An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais);*
- *Athbhreithniú ar Sheirbhísí Meantóireacht Ghnó in Éirinn;*
- *Beartú Náisiúnta Tosaíochtaí Taighde, An Chéad Tuarascáil ar Dhul Chun Cinn;*
- *An Ráchairt ar Olltiomsú Sonraí agus Anailísíocht a Mheas (Grúpa Saineolaithe ar Riachtanais Scileanna Feasta);*
- *Measúnú ar Thaighde a Mhaoinítear go Poiblí;*
- *Tacaíocht Forbartha agus Nuálaíochta don Nuálaíocht i Seirbhísí agus Próisis Ghnó;*
- *Breithmheas ar Thacaíocht Fiontar Maidir le Taighde, Forbairt agus Nuálaíocht;*
- *Breithmheas ar Thacaíocht Fiontar Maidir le Gnólachtaí Nuathionscanta agus Fiontraíocht;*
- *Suirbhé Bliantúil Fostaíochta;*

- *Costas an Ghnó in Éirinn 2014 (An Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais);*
- *Nuálaíocht i gComhlachtaí Ard-Fháis in Éirinn a bhFuil an Ghníomhaireacht ag Tacú leo;*
- *Suirbhé Tionchar Eacnamaíochta;*
- *Costais Tomhaltóra agus an Boilsciú; agus*
- *Treoir do Sholáthraithe Ard-Oideachais i Leith Scileanna Reatha agus Feasta Lucht Fiontar -* Springboard *2014.*

## Gníomhaíocht Neamh-Bheartais

Cé gur taighde beartais a dhéanamh agus comhairle bheartais a sholáthar príomhfheidhm Forfás, chuir sé roinnt feidhmeanna suntasacha eile i gcrích in 2014.

### Creidiúnú

Is é Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (BNÉC) an comhlacht ainmnithe náisiúnta ar orthu amháin atá freagracht as an gcreidiúnú in Éirinn agus is fo-bhord agus rannóg de chuid Forfás é.

Is orthu ata an fhreagracht as creidiúnú saotharlann, comhlachtaí deimhniúcháin agus comhlachtaí cigireachta. Is é an t-aon sínitheoir amháin in Éirinn é i leith comhaontuithe iltaobhacha (CILanna) don Eoraip trí chomhoibriú creidiúnaithe na hEorpa (EA) agus ar fud an domhain tríd an gComhoibriú Idirnáisiúnta Creidiúnú Saotharlann (ILAC) agus an Fóram Idirnáisiúnta Creidiúnaithe (IAF).

Cuireann sé creidiúnú ar fáil de réir shraith caighdeán agus threoirlínte bainteacha Eagraíocht Idirnáisiúnta na gCaighdeán ISO 17000 agus shraith caighdeán comhchuibhithe na hEorpa EN 45000.

Is é BNÉC an t-aon chomhlacht creidiúnaithe in Éirinn faoi Rialúchán 765/2008 trína dtugtar creat dlí faoi choinne soláthar seirbhísí creidiúnaithe ar fud na hEorpa.

Tá ról tábhachtach ag an gcreidiúnú lena chinntiú go mbíonn rochtain ag táirgí agus seirbhísí na hÉireann ar mhargaí AE agus an domhain. Le linn 2014, leanadh den fhás ar an tóir ar sheirbhísí BNÉC i ngach clár dá chuid. Leanadh den fhás ar an éileamh ar chreidiúnú saotharlanna tástála míochaine agus tá an scéal céanna amhlaidh maidir le comhlachtaí a dheimhníonn scéimeanna bia.

D'éirigh go maith le BNÉC sa phiarmheasúnú idirnáisiúnta a rinneadh air in 2014, inar deimhníodh stádas sínitheoir CIL (comhaontuithe iltaobhacha) leanúnach agus síneadh an CIL i leith aithint stádas creidiúnaithe comhlacht fíorúcháin do Scéim Thrádála Astuithe Gáis Cheaptha Teasa (GHG). Ba é a bhí san fhoireann piarmheasúnaithe 7 saineolaí creidiúnaithe a rinne measúnú seachtaine ar BNÉC agus ar an gclár creidiúnaithe (35 lá oibre) i gcoinne riachtanais éigeantacha ISO 17011 agus EU Reg 765/2008. Toisc gur éirigh leis an bpiarmheasúnú idirnáisiúnta, cinntíodh go n-aithnítear agus go nglactar ar bhonn idirnáisiúnta le haschuir cliaint a bhfuil creidiúnú BNÉC acu.

### Seirbhísí Corparáideacha agus Comhroinnte

Leanadh de sholáthar seirbhísí tábhachtacha agus éifeachtacha d'ÚFT Éireann d'Fhiontraíocht Éireann, agus d'Fhondúireacht Eolaíochta Éireann trí fhoireann chomhroinnte seirbhísí corparáideacha Forfás go dtí deireadh Iúil 2014. Áiríodh orthu seo gnéithe de sheirbhísí airgeadais agus cuntasaíochta, acmhainní daonna, pinsin, comhordú árachais chorparáideacha agus bainistíocht gréasán Saoráil Faisnéise do na gníomhaireachtaí fiontraíochta agus do roinnt comhlachtaí poiblí eile.

Toisc gurbh eol go raibh Forfás le scor agus go raibh a fhreagrachtaí le haistriú go dtí comhlachtaí eile, aistríodh cheana freagracht as bainistíocht áiseanna agus réadmhaoine agus seirbhísí

inmheánacha áirithe eile, agus na baill foirne a ghabhann leo, ó Forfás go ÚTF Éireann i mí Iúil 2013.

### Bainistíocht Pinsean

Mar fhostóir dleathach foirne sna gníomhaireachtaí forbartha (Fiontraíocht Éireann, ÚFT Éireann, agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus cuid de bhaill foirne an Údarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann (NSAI)), Rinne Forfás bainistíocht lárnach ar scéimeanna pinsean Forfás féin agus na n-eagras a tháinig roimhe[1], agus ar na dualgais bhainteacha comhall pinsean agus sochair bhainteacha foirne agus scéimeanna árachais. D'íoc Forfás ar bhonn leanúnach gach sochar pinsean baill foirne ÚFT Éireann, Fhiontraíocht Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Forfás, le cois na n-eagras a tháinig rompu, a bhí le dul ar scor nó a bhí dulta ar scor.

# Lánscor Forfás

Ba chroífhócas ag Bord, lucht bainistíochta agus fhoireann Forfás sa tréimhse Eanáir 2014 go dtí deireadh Iúil 2014 bheith ag obair i ndlúthpháirt leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, lena chomhghníomhaireachtaí (ÚFT Éireann, Fiontraíocht Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann), an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta agus an tÚdarás um Chaighdeáin Náisiúnta na hÉireann ar na mionsocruithe chun Forfás a lánscor agus aistriú gan dua a fhreagrachtaí go dtí an Roinn agus comhlachtaí eile.

Go déanach in 2011, d'fhógair an tAire Bruton go raibh sé beartaithe aige acmhainn taighde beartais Forfás a chomhtháthú leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta (RPFN). In Aibreán 2013, ghnóthaigh an tAire comhaontú an rialtais chun go dtosófaí ar reachtaíocht a dhréachtú leis an athrú seo a chur i bhfeidhm agus rith Tithe an Oireachtais an reachtaíocht seo agus shínigh an tUachtarán ina dhlí é ar 29 Meitheamh 2014. Foráladh leis an reachtaíocht go ndéanfaí Forfás a lánscor mar eintiteas dleathach agus go n-aistreofaí a fheidhmeanna, freagrachtaí agus dliteanais uile go dtí eintitis dhleathacha eile. Ar aon dul le forálacha na reachtaíochta, cheap an tAire, de réir ordaithe, dátaí cuí chun forálacha éagsúla an Achta teacht i bhfeidhm, suas go dtí lánscor Forfás agus é sin san áireamh.

Go hachomair, áiríodh an méid seo a leanas le forálacha na reachtaíochta;

- Acmhainn taighde beartais Forfás agus an fhoireann bhainteach a chomhtháthú leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta. Maidir leis na baill foirne a aistríodh chuig an Roinn is ag croí na Rannóige Beartas Straitéiseach nua, laistigh den Roinn, atá siad anois.
- Aistriú fheidhmeanna Bhord Náisiúnta Creidiúnaithe Éireann go dtí an tÚdarás Sláine agus Sábháilteachta.
- Aistriú freagracht dhlíthiúil as scéimeanna Pinsean leagáide agus as pinsin iníoctha go dtí an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus foráil chun na freagrachtaí dlíthiúla seo a riar ar bhonn seachfhoinsithe ag Fiontraíocht Éireann, thar ceann na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta
- Aistriú freagrachtaí fostóra, freagrachtaí pinsean san áireamh, do bhaill foirne reatha Forfás in ÚFT Éireann, Fiontraíocht Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus aistriú líon beag baill foirne san Údarás um Chaighdeán Náisiúnta na hÉireann go dtí fostaíocht dhíreach leis na Gníomhaireachtaí sin.

---

[1] Údarás Forbartha Tionscal, Eolas, Bord Náisiúnta Eolaíochta agus Teicneolaíochta, An Bord Tráchtála agus Comhairle Earraí na hÉireann.

- Aistriú díreach cumhachtaí bronnta deontas go dtí ÚFT Éireann agus Fiontraíocht Éireann

Bhí an Bord ag feidhmiú leis go dtí lánscor Forfás ar 31 Iúil 2014.

Mar chuid de chinneadh an Aire Forfás a chomhtháthú leis an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, i nDeireadh Fómhair 2012, laghdaíodh líon ballraíochta Bhord Forfás go dtí na daoine seo a leanas Eoin O'Driscoll, Cathaoirleach, Forfás, Cathaoirleach Iardheiscirt; Martin D. Shanahan, Príomhfheidhmeannach, Forfás; Mark Ferguson, Ard-Stiúrthóir, Fondúireacht Eolaíochta Éireann; John Murphy, Ard-Rúnaí, an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta; Barry O'Leary, Príomhfheidhmeannach, ÚFT Éireann; agus Julie Sinnamon, Príomhfheidhmeannach, Fiontraíocht Éireann.

Le linn 2014, lean Forfás den obair i ndlúthpháirt le RPFN agus le comhlachtaí eile ar na céimeanna cuí uile chun forálacha na reachtaíochta agus na socruithe praiticiúla a ghabhann leo a chur i bhfeidhm. Bhí cruinnithe ar bhonn rialta ag foireann forfheidhmiúcháin, faoi chathaoirleacht Ard-Rúnaí RFPN agus ar a raibh Príomhfheidhmeannach Forfás agus oifigigh shinsearacha ó RFPN, Forfás agus an Roinn Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, chun feidhmiú rathúil an tionscnaimh seo a thabhairt chun cinn agus a mhaoirsiú. Laistigh de Forfás, rinne Bord Forfás, an Coiste Iniúchóireachta agus an Coiste Feidhmiúcháin maoirseacht ar rialachas agus ar shocruithe eile a bhí de dhíth, chun go n-ullmhófaí an lánscor agus na comhtháthuithe.

Ar an gcruinniú deiridh de chuid Bhord Forfás, thug an Cathaoirleach aitheantas d'obair na bhfoirne bainistíocht shinsearach in Forfás, sa Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus sna gníomhaireachtaí as cinntiú gach beart ba ghá i gcomhair an chomhtháthaithe agus a chinntiú go raibh an comhtháthú ag dul chun cinn ar shlí éifeachtach, éifeachtúil. Mhol sé gach duine dá raibh páirteach as na haistrithe gan dua, ag cinntiú gur leanadh d'ardchaighdeán oibre agus nach ndeachthas i bhfeidhm ar chliaint ná ar pháirtithe leasmhara.

Ghabh an Cathaoirleach buíochas le gach ball d'fhoireann Forfás as an ionchur iontach a bhí déanta acu i bhforbairt polasaí agus i bhfás geilleagair le 20 bliain anuas. Thug sé aitheantas ar leith dá dtiomantas leanúnach do sholáthar ardchaighdeán oibre trí thréimhse dhúshlánach athraithe. Ghuigh sé gach rath ar bhaill foirne agus iad ag aistriú chuig comhlachtaí eile agus thug dá aird go mbeadh siad ag tabhairt eolas, scileanna, taithí agus gairmiúlacht luachmhar chuig a gcuid eagras nua agus go dtabharfadh na heagrais nua seo, dá réir, deiseanna nua foghlama agus forbartha do na baill foirne.

# Deontas an Oireachtais

Tosaíonn Ráitis Airgeadais mhionsonraithe Forfás ar lch.10 den tuarascáil seo.

Thug an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta maoiniú deontas Oireachtais dar suim €22.565 milliún do Forfás in 2014. Is maoiniú le híoc as pinsin le pinsinéirí tras-ghníomhaireachta (.i. Forfás, Fiontraíocht Éireann, ÚFT Éireann, agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus na gníomhaireachtaí a tháinig rompu) 87% den deontas Oireachtais. Toisc gurbh eol go raibh an ghníomhaíocht taighde beartais le comhtháthú le RPFN le linn 2014, choinnigh an Roinn buiséad neamh-phá Forfás, ach gurbh eisceacht é maoiniú neamh-phá i leith ghníomhaíocht BNCÉ.

# Rialachas Corparáideach

Bunaíodh Forfás faoin Acht um Fhorbairt Tionsclaíochta 1993 agus d'fheidhmigh sé de réir fhorálacha na nAchtanna um Fhorbairt Tionsclaíochta 1986 go 2009 faoi choimirce an Aire Fiontar,

Trádála agus Nuálaíochta. Bhí gnáthaimh ar bun ag Forfás lena chinntiú gur comhlíonadh na riachtanais shainiúla seo a leanas:

## An tAcht um Eitic in Oifig Phoiblí, 1995 agus An tAcht um Chaighdeáin in Oifigí Poiblí, 2001

De réir fhorálacha an Achta um Eitic in Oifig Phoiblí,1995 agus an an Achta um Chaighdeáin in Oifigí Phoiblí 2001, thug Comhaltaí Boird chomh maith le comhaltaí de chuid Bhord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (BNÉC), a d'fheidhmigh mar rannóg agus fo-Bhord de chuid Forfás, ráitis suimeanna leasaithe do Rúnaí an Choimisiúin, An Coimisiún um Chaighdeáin in Oifig Phoiblí agus tugadh cóip do Rúnaí Forfás.

Le héifeacht ó 2011, ainmníodh faoi na hAchtanna comhaltaí den Ghrúpa Saineolaithe ar Riachtanais Scileanna sa Todhchaí (EGFSN) chomh maith le comhaltaí den Chomhairle Náisiúnta Iomaíochais (CNI).

Lena chois sin, chomhlíon baill foirne de chuid Forfás a raibh poist ainmnithe acu an dá Acht.

## Saoráil Faisnéise (FOI)

Le héifeacht ó Eanáir 2001, bhí Forfás cumhdaithe ag forálacha na nAchtanna um Shaoráil Faisnéise (FOI). Bhunaigh na hAchtanna seo trí cheart reachtúla:

- Ceart dlíthiúil do gach duine eolas a choinníonn comhlachtaí poiblí a rochtain;
- Ceart dlíthiúil do gach duine go leasófaí eolas a choinníonn comhlacht poiblí a bhaineann leis/léi féin má tá sé neamhiomlán, mícheart nó míthreorach; agus
- Ceart dlíthiúil na fáthanna a fháil atá le cinntí a dhéanann comhlacht poiblí agus a théann i bhfeidhm ort.

## Achtanna Comhionannas Fostaíochta, 1998 agus 2004

Bhí Forfás tiomanta do bheartas comhionannas deiseanna agus ghlac le cur chuige dearfach maidir le comhionannas san eagras.

D'fheidhmigh sé roinnt scéimeanna inar tugadh roghanna do bhaill foirne maidir le freastal ar a riachtanais gairme agus pearsanta, amhail postroinnt, saoire staidéir agus cláir oideachais.

Chomhlíon Forfás a oibleagáidí reachtúla faoi na hAchtanna Comhionannais 1998 agus 2004. Bhí beartas ar Chosaint na Dínite ar an Láthair Oibre i bhfeidhm agus cuireadh é in iúl do gach ball foirne.

## An tAcht um Rannpháirtíocht Oibrithe (Fiontair Stáit),1988

Bhí socruithe ar bun le haghaidh Comh-Fhóram Rannpháirtíochta le freastal ar riachtanais an Achta um Rannpháirtíocht Oibrithe (Fiontar Stáit) 1998.

## An tAcht Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa, 2005

Ar aon dul leis an Acht Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa 2005 agus an tAcht Sábháilteachta, Sláinte agus Leasa sa Láthair Oibre (Feidhmeanna Ginearálta) Rialúcháin 2010, bhí Ráiteas

Sábháilteachta réitithe ag Forfás inar cumhdaíodh gach gné a théann i bhfeidhm ar leas foirne agus cuairteoirí. Rinneadh an doiciméad seo a nuashonrú ar bhonn leanúnach.

## Prapíocaíocht Cuntas

Leasaíodh an tAcht Prapíocaíocht Cuntas 1997 (an tAcht), a tháinig i bhfeidhm ar 2 Eanáir 1998, trí Rialúcháin na gComhphobal Eorpach (Íocaíochtaí Déanacha in Idirbhearta Tráchtála) 2002.

Is mar a tuairiscíodh thíos a bhí cleachtais íocaíochta Forfás, de réir cheanglais an Achta, i leith na tréimhse dar críoch 31 Iúil 2014.

1. Is é beartas Forfás a chinntiú go n-íoctar gach sonrasc go pras. Tá gnáthaimh shainiúla in áit a chuireann ar a chumas gach sonrasc a rianú agus a chinntiú go ndéantar íocaíochtaí roimh an dáta dlite. Cláraítear sonraisc go laethúil agus eisítear íocaíochtaí de réir mar is gá le comhall pras a chinntiú.
2. Is é atá sa chóras rialú inmheánach, rialuithe agus gnáthaimh a meastar iad a bheith riachtanach le comhlíonadh an Achta a chinntiú. Áirítear le córas rialú inmheánach an eagrais, rialuithe cuntasaíochta agus ríomhaireachta ar cuspóir dóibh cinntiú sainaithint sonrasc agus conarthaí i gcomhair íocaíochta laistigh de na dátaí forordaithe mar atá sainmhínithe san Acht. Is é cuspóir na rialuithe seo cosaint réasúnta, seachas absalóideach a thabhairt i gcoinne neamh-chomhall ábhartha an Achta. Foilsíonn an Roinn Airgeadais tuarascáil ina sainaithnítear sonraisc gan íoc agus athbhreithnítear an tuarascáil seo ar bhonn rialta.

Tá an lucht bainistíochta sásta gur chomhlíon Forfás forálacha an Achta ar gach slí ábhartha. Ní raibh aon fhorbairt ábhartha ann ón 1 Eanáir 2014.

### Prapíocaíochtaí le Soláthraithe

Bhí Forfás tiomanta do chomhlíonadh a oibleagáidí faoin Riail Prapíocaíochta 15 lá a tháinig i bhfeidhm ar 1 Iúil 2011.

Leis an bhforáil seo, cinntítear go ndéanfar íocaíochtaí laistigh de 15 lá le soláthraithe i leith gach sonraisc bailí a fhaightear.

Thuairiscigh Forfás go ráithiúil i rannán Our Commitments den suíomh gréasáin ar fheidhmiú Riail Prapíocaíochta 15 lá.

## Cód Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2009

I ndiaidh athbhreithniú an Chóid Cleachtais um Rialachas Comhlachtaí Stáit in 2009, tá a phróisis athbhreithnithe ag Forfas chun a chinntiú go raibh sé ag comhlíonadh fhorálacha an Chóid Athbhreithnithe.

### Nochtadh Suimeanna Leasaithe Comhaltaí Boird

Ar aon dul leis an gCód Cleachtais Athbhreithnithe i Leith Rialachas Comhlachtaí Stáit, 2009, thug Comhaltaí Boird Forfás, ar cheapadh ar an mBord dóibh agus le linn a dtréimhse oifige, cuntas ar a suimeanna leasaithe a bhféadfadh sé gur cúis coimhlint leasa iad nó a bhféadfadh tionchar ábhartha a bheith acu ar an gcomhalta maidir lena f(h)eidhmíocht mar chomhalta Boird.

### Táillí agus Tinreamh Boird

| Comhalta Boird | Táillí €'000 | Tinreamh (3 chruinniú a tionóladh in 2014) |
|---|---|---|
| Eoin O'Driscoll | 12 | 3 as 3 |
| Mark Ferguson | Nialas | 3 as 3 |
| John Murphy | Nialas | 3 as 3 |
| Barry O'Leary | Nialas | 2 as 3 |
| Julie Sinnamon | Nialas | 3 as 3 |
| Martin D. Shanahan | Nialas | 3 as 3 |

### Speansais Bhoird

Níor íocadh speansais ar bith le Comhaltaí Boird in 2014.

## Cairt Custaiméirí

I gCairt Custaiméirí Forfás, leagtar amach a thiomantas d'ardchaighdeán seirbhíse dá chustaiméirí. Cuimsítear leis an gCairt seo gnáthamh le plé le gearáin.

Ní bhfuarthas aon ghearán in 2014.

## Éifeachtúlacht fuinnimh

Faoi Ionstraim Reachtúil (SI) 542 de Rialúcháin na gComhphobal Eorpach (éifeachtúlacht úsáid deiridh fuinnimh agus seirbhísí fuinnimh) 2009, tá oibleagáidí sainiúla tuairiscithe ar an earnáil phoiblí maidir le fuinneamh. I ngach réimse a bhaineann le húsáid fuinnimh agus seirbhísí ar a fhoirgnimh, d'fhéach Forfás le feidhm a bhaint as an modh fuinnimh is tíosaí agus is lú díobháil don timpeallacht dá raibh ar fáil. D'fhonn riachtanais rialála a chomhlíonadh, chuir Forfás ar taispeáint Teastas Taispeána Fuinnimh sa limistéar fáiltithe.

Go déanach in 2009, chuir Forfás tús le tionscadal ilbhliana ar cuspóir dó éifeachtúlacht fhoriomlán fuinnimh a fheabhsú i dTeach Pháirc Wilton le tacaíocht Údarás Fuinneamh Inbhuanaithe na hÉireann (Sustainable Energy Authority of Ireland). Cuimsíodh leis seo aistriú ó ola go gás (2010), suiteáil soilsiú atá éifeachtúil ó thaobh fuinnimh de (2010), córas feabhsaithe bainistíocht foirgnimh agus tionscnaimh feasacht fuinnimh. I mí Iúil 2013, mar chuid den phróiseas chun Forfás a chomhtháthú sa Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta, aistríodh freagracht Léasaitheora as Teach Pháirc Wilton go dtí ÚFT Éireann.

# Bord Forfás



**Eoin O'Driscoll**
**Cathaoirleach, Forfás**
Cathaoirleach,
Iardheisceart



**Martin D. Shanahan**
Príomhfheidhmeannach
Forfás



**Mark Ferguson**
Ard-Stiúrthóir Fondúireacht
Eolaíochta Éireann



**John Murphy**
Ard-Rúnaí
An Roinn Post, Fiontar agus
Nuálaíochta



**Barry O'Leary**
Príomhfheidhmeannach
ÚFT Éireann



**Julie Sinnamon**
Príomhfheidhmeannach
Fiontraíocht Éireann



**Michael O'Leary**
Rúnaí an Bhoird

## Coiste Iniúchóireachta Forfás

John Murphy (Cathaoirleach)

Eoin O'Driscoll

Mark Ferguson

Michael O'Leary (Rúnaí an Choiste Iniúchóireachta)

# Ráitis Deiridh Airgeadais

# I gComhair Thréimhse 1 Eanáir – 1 Lúnasa 2014

## Forfás

Tá ráitis airgeadais Forfás (atá anois lánscortha) le haghaidh na tréimhse dar críoch 1 Lúnasa 2014 faoin Acht um Fhorbairt Tionsclaíochta (Lánscor Forfás) 2014 iniúchta agam. Is é atá sna ráitis airgeadais, a ullmhaíodh faoi na beartais chuntasaíochta a leagtar amach iontu, na beartais chuntasaíochta, an cuntas ioncaim agus caiteachais, ráiteas na ngnóthachan agus na gcaillteanas aitheanta iomlán, an clár comhardaithe, an ráiteas sreabhaidh airgid agus na nótaí bainteacha. Ullmhaíodh na ráitis airgeadais san fhoirm a fhor-ordaítear faoi pharagraf 7 den chéad sceideal den Acht um Fhorbairt Tionsclaíochta 1993, agus de réir cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh forleathan leis in Éirinn.

**Freagrachtaí chomhaltaí an Bhoird agus an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta**

Bhí an Bord freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais, as a chinntiú go dtugann siad léargas fíor, cothrom ar bhail chúrsaí Forfás agus bail a ioncaim agus caiteachais agus as rialtacht idirbheart a chinntiú.

Lánscoradh an Bord ar 1 Lúnasa 2014 agus aistríodh a sócmhainní agus dliteanais go dtí an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus chuig gníomhaireachtaí eile Stáit mar a leagtar amach sa ráiteas beartais chuntasaíochta.

I ndiaidh lánscor an Bhoird, tá an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta freagrach as ullmhú na ráiteas airgeadais de réir Alt 27 den Acht um Fhorbairt Tionsclaíochta (Lánscor Forfás) 2014.

**Freagrachtaí an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

Is é mo fhreagrachtsa na ráitis airgeadais a iniúchadh agus tuairisciú ina leith de réir dlí infheidhme.

Déantar m'iniúchadh trí thagairt do na tosca ar leith a bhaineann le comhlachtaí Stáit maidir lena mbainistiú agus oibríocht.

Déantar m'iniúchadh de réir na gCaighdeán Idirnáisiúnta ar Iniúchadh (RA agus Éire) agus comhlíonann sé Caighdeáin Eitice d'Iniúchóirí an Bhoird um Chleachtais Iniúchóireachta.

**Raon iniúchadh na ráiteas airgeadais**

Is é atá i gceist le hiniúchadh, fianaise a aimsiú faoi mhéideanna agus nochtadh sna ráitis airgeadais, a oiread agus is féidir a bheith réasúnta cinnte go bhfuil na ráitis airgeadais saor ó mhíshonrú ábhartha, bíodh calaois nó earráid mar chúis leis. Áirítear leis seo measúnú ar

- cé acu atá nó nach bhfuil na beartais chuntasaíochta oiriúnach do chúinsí Forfás agus an bhfuil siad á gcur i bhfeidhm go comhsheasmhach agus ar nocht siad a oiread agus ba chóir
- réasúnacht meastacháin shuntasacha chuntasaíochta a rinneadh in ullmhú na ráiteas airgeadais agus i gcur i láthair foriomlán na ráiteas airgeadais.

Féachaim freisin le fianaise a fháil faoi rialtacht idirbhearta airgeadais le linn an iniúchta.

Lena chois sin, léim tuarascáil bhliantúil Forfás le neamhréireanna ábhartha leis na ráitis airgeadais a aithint. Má thagaim ar mhíráitis nó neamhréireanna ábhartha féideartha, bíonn sé sin le breithniú agam i mo thuairisc.

**Tuairim ar na ráitis airgeadais**

I mo thuairim, tugtar trí na ráitis airgeadais, a ullmhaíodh mar ba chóir de réir cleachtas cuntasaíochta a bhfuil glacadh forleathan leis in Éirinn, léargas fíor, cothrom ar bhail chúrsaí Forfás ar 1 Lúnasa 2014 agus ar ioncam agus caiteachas na tréimhse dar críoch an dáta céanna.

I mo thuairim, choinnigh Forfás leabhair chuí chuntais. Tá na ráitis airgeadais ar aon dul leis na leabhair chuntais.

**Cúrsaí a dtuairiscím orthu mar eisceacht**

Tuairiscím mar eisceacht más amhlaidh

- nach bhfuair mé an t-eolas agus míniúcháin ar fad a bhí de dhíth orm le haghaidh m'iniúchta, nó
- gur sonraíodh i m'iniúchadh aon sampla ábhartha nuair nár baineadh feidhm as airgead i leith na gcuspóirí a raibh sé dlite dóibh nó nuair nár chloígh na hidirbhearta leis na húdaráis a tugadh ina leith, nó
- nach raibh an t-eolas a tugadh i dtuarascáil bhliantúil Forfás ag cur leis na ráitis airgeadais bhainteacha, nó
- nach léiríonn an ráiteas ar rialú inmheánach airgeadais comhall Forfás maidir le Cód Cleachtais Rialachas Comhlachtaí Stáit, nó
- go bhfuair mé amach go raibh ceisteanna ábhartha eile ann a bhain leis an tslí ina ndearnadh gnó poiblí.

Níl aon ní le tuairisciú agam maidir leis na cúrsaí ina ndéantar tuairisciú mar eisceacht

Séamus McCarthy

**Séamus McCarthy**

**Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste**

22 Bealtaine 2015

# Ráiteas Freagrachtaí Bhord Forfás agus Aire na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta

## I gComhair Ráitis Airgeadais Thréimhseacha 2014

**Freagrachtaí Forfás**

*Chuir Paragraf 7(2) den Chéad Sceideal den Acht um Fhorbairt Tionsclaíochta, 1993 d'iallach ar Forfás cuntais chuí agus gnách a chur ar fáil, in cibé foirm a d'fhaomhfadh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta le cead an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, ar airgead a fhaigheann agus a chaitheann sé.*

*Bhí an Bord freagrach as leabhair iomchuí cuntais a choinneáil a nochtann faoi chruinneas réasúnta ag am ar bith a staid airgeadais agus a chuireann ar a chumas a chinntiú go gcomhlíonann na ráitis airgeadais Paragraf 7(2) den Chéad Sceideal den Acht um Fhorbairt Tionsclaíochta, 1993. Bhí an Bord freagrach fosta as a sócmhainní a chosaint agus, mar sin de, as bearta réasúnta a dhéanamh i le calaois agus mírialtachtaí eile a chosc agus a bhrath.*

**Freagrachtaí na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta**.

*Faoin Acht um Fhorbairt Tionsclaíochta (Lánscor Forfás) 2014, rinneadh Forfás a lánscor ar an 1ú Lúnasa 2014. Faoi fhorálacha an Achta aistrítear na feidhmeanna, oibríochtaí, sócmhainní agus dliteanais uile a bhí ag Forfás chuig an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta (RPFN) nó chuig comhlachtaí stáit éagsúla eile ar an dáta sin de réir an Achta.*


*Tá treoir tugtha ag an Aire d'Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne an cuntas a ullmhú agus, thar ceann an Aire, é a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste i gcomhair iniúchadh.*

*Tá d'iallach ar RPFN faoi Alt 27 den Acht um Fhorbairt Tionsclaíochta (Lánscor Forfás) 2014 cuntais deiridh Forfás a ullmhú.*

*Nuair a bhíothas ag ullmhú na ráiteas airgeadais sin, bhí d'iallach ar an Oifigeach Cuntasaíochta:*

- beartais chuí cuntasaíochta a roghnú agus iad a chur i bhfeidhm go comhsheasmhach;
- breithiúnais agus meastacháin a dhéanamh atá réasúnta agus stuama;
- na ráitis airgeadais a dhéanamh ar bhonn gnóthas leantach ach amháin nach bhfuil an bonn sin iomchuí;
- má imítear ó Chaighdeáin Chuntasaíochta ábhartha infheidhme, é sin a nochtadh agus a mhíniú.

Comhlíonadh na ceanglais nuair a bhí na ráitis airgeadais á n-ullmhú.



**John Murphy**

*Ard-Rúnaí*
An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta

# Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

Mar a fhoráiltear faoin Acht um Fhorbairt Tionsclaíochta (Lánscor Forfás) 2014, rinneadh Forfás a lánscor ar an 1ú Lúnasa 2014. Faoi fhorálacha an Achta aistrítear na feidhmeanna, oibríochtaí, sócmhainní agus dliteanais uile a bhí ag Forfás chuig an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta (RPFN) nó chuig comhlachtaí stáit éagsúla eile. Suas a fhad le dáta an lánscoir, bhí Bord Forfás freagrach as a chinntiú go raibh Córas Rialuithe Inmheánacha Airgeadais éifeachtach á choinneáil agus á fheidhmiú sa Ghníomhaireacht.

Déanaimse, mar Oifigeach Cuntasaíochta na Roinne Post, Fiontar agus Nuálaíochta, na ráitis seo a leanas bunaithe ar obair iar-Bhord Forfás.

Ní fhéadann an córas ach deimhniú réasúnta seachas absalóideach a thabhairt go bhfuil sócmhainní cosanta, idirbhearta údaraithe agus taifeadta mar is cóir agus go bhfuil earráidí nó mírialtachtaí ábhartha coiscthe nó go mbraithfí iad in am trátha.

Rinneadh na bearta seo a leanas lena chinntiú gurbh ann do thimpeallacht iomchuí rialaithe trí:

- Gnáthaimh fhoirmiúla a bhunú le gníomhaíochtaí a mhonatóiriú agus sócmhainní an eagrais a chosaint;
- Freagrachtaí agus cumhachtaí bainistíochta a shainmhíniú go soiléir;
- Cultúr cuntasachta a fhorbairt i ngach leibhéal den eagras.

Bunaíodh próisis le rioscaí gnó a aithint agus a mheas trí:

- Cineál, méid agus impleachtaí airgeadais rioscaí atá roimh an gcomhlacht, an méid agus na catagóirí atá, dar leis, inghlactha san áireamh;
- An dóchúlacht go dtarlóidh rioscaí aitheanta a mheas;
- Obair i ndlúthpháirt leis an Rialtas agus le Gníomhaireachtaí éagsúla chun a chinntiú gur ann do thuiscint shoiléir ar spriocanna Forfás agus tacaíocht do straitéisí Forfás leis na spriocanna sin a bhaint amach.

Bunaíodh an Córas Rialaithe Inmheánach Airgeadais ar chreat eolas rialta bainistíochta, gnáthaimh riaracháin, lena n-áirítear deighilt dualgas agus córas tarmligthe agus cuntasachta. Cuimsítear ann go háirithe:

- Córas cuimsitheach buiséadaithe agus buiséad bliantúil a athbhreithníodh agus a comhaontaíodh ag leibhéal an Bhoird;
- Athbhreithnithe rialta ag an mBord ar thuairiscí tréimhseacha agus bliantúla a léiríonn feidhmíocht airgeadais i gcoinne tuartha;
- Spriocanna a shocrú le feidhmíocht, idir airgeadas agus eile a thomhas;
- Smacht foirmiúil bainistíocht tionscadail.

Bhí feidhm iniúchadh inmheánach seachfhoinsithe ag Forfás, a d'fheidhmigh de réir an Chreat-Chóid Dea-Chleachtais a leagadh amach sa Chód Cleachtais ar Rialachas Comhlachtaí Stáit agus a thuairiscigh go díreach leis an gCoiste Iniúchóireachta. Ba í anailís an riosca dá raibh an comhlacht nochta a chuir bonn eolais faoi obair an iniúchta inmheánaigh agus is ar an anailís seo a bunaíodh pleananna bliantúla iniúchadh inmheánach.

Cheadaigh an Coiste Iniúchóireachta an anailís riosca agus pleananna iniúchadh inmheánach. Bhíodh cruinniú ráithiúil ag an gCoiste Iniúchóireachta, in éineacht leis an Iniúchóir Inmheánach, le toradh a n-iniúchtaí a athbhreithniú agus le leorgacht agus éifeachtúlacht an Chórais Rialaithe Inmheánach

Airgeadais a dhearbhú. Choinnigh an Bord seirbhísí saineolaí seachtrach le comhairle a thabhairt don Choiste Iniúchóireachta ar chúrsaí teicniúla airgeadais.

## Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais (ar lean)

Ba é a chuir bonn eolais faoi mhonatóireacht agus athbhreithniú an iar-Bhoird ar éifeachtúlacht an Chórais Rialaithe Inmheánach Airgeadais, ná obair an iniúchóra inmheánaigh agus an Choiste Iniúchóireachta a rinne maoirseacht ar obair an iníuchóra inmheánaigh agus an rialú a chuir na bainisteoirí feidhmeannacha, ar a raibh freagracht as forbairt agus cothabháil an chreata rialaithe airgeadais, i bhfeidhm laistigh de Forfás le cois ráiteas a rinne an tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste ina litir bhainistíochta.

I gcomhthéacs aistriú fheidhmeanna Forfás go dtí an Roinn, ó 1 Eanáir 2014, ghlac an Roinn freagracht as sciar mór de chaiteachas neamh-phá Forfás. Ba é an Roinn a phróiseáil na híocaíochtaí seo dar suim €1,515,248 agus beidh siad ina Cuntas Leithghabhála 2014. Laghdaíodh deontas na Roinne do Forfás faoi shuim chomhfhreagrach.

Dearbhaím, maidir leis an tréimhse go dtí 1 Lúnasa 2014, go ndearnadh athbhreithniú ar éifeachtúlacht an Chórais Rialú Inmheánach Airgeadais.

**John Murphy**
*Ard-Rúnaí*
An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta

# Beartais Chuntasaíochta

## Achtanna um Fhorbairt Tionsclaíochta 1993, 1995, 1998, 2003 and 2009

Bunaíodh Forfás, arbh é an bord comhairleach agus comhordaithe beartais é um fhorbairt tionsclaíochta agus um eolaíocht agus teicneolaíocht in Éirínn é, ar 1ú Eanáir, 1994 faoi fhorálacha an Achta um Fhorbairt Tionsclaíochta, mar a leasaíodh faoi reachtaíocht ina dhiaidh sin. Ba é an comhlacht é trínar sannadh cumhachtaí d'Fhiontraíocht Éireann, le tionsclaíocht dúchais a chur chun cinn agus d'ÚFT Éireann, faoi choinne infheistíocht isteach.

Le cois a chroífheidhm chomhairleach agus chomhordaithe, bhí de fhreagracht bhreise ar Forfás costais pinsin baill foirne Forfás, ÚFT Éireann, Fiontraíocht Éireann agus Fhondúireacht Eolaíochta Éireann a bhí dulta ar scor chomh maith le hiar-ghníomhaireachtaí áirithe faoi na hAchtanna um Fhorbairt Tionsclaíochta 1993, 1998 agus 2003 mar a leagadh amach i Nóta 8 de na Ráitis Airgeadais seo.

### 1. Bonn Cuntasaíochta

#### Lánscor Forfás

Foráladh Lánscor Forfás faoin Acht um Fhorbairt Tionsclaíochta (Lánscor Forfás) 2014. Aistríodh na feidhmeanna, oibríochtaí, sócmhainní agus dliteanais uile a bhí ag Forfás chuig an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta (RPFN) nó chuig comhlachtaí stáit éagsúla eile. Is ag an luach de réir an leabhair a aistríodh gach sócmhainn agus dliteanas agus, mar sin de, ní dhearnadh aon choigeartú ar luach anonn na sócmhainní ná na ndliteanas.

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais faoi choinbhinsiún an chostais stairiúil faoi mar a d'fhaomh an tAire Post, Fiontar agus Nuálaíochta le cead an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe faoin Acht um Fhorbairt Tionsclaíochta 1993. Is ar bhonn fabhruithe a ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais, ach amháin nuair a luaitear a mhalairt thíos agus tá siad ag cur le cleachtas cuntasaíochta a nglactar leis go forleathan. Glactar le Caighdeáin Tuairiscithe Airgeadais, faoi mar atá molta ag an mBord Caighdeáin Cuntasaíochta, de réir mar a bhíonn siad infheidhme.

#### Tréimhse Chuntais agus Aistriú Iarmhéideanna

Ullmhaíodh na Ráitis Airgeadais seo i leith thréimhse 1 Eanáir 2014 go 1 Lúnasa 2014, dáta lánscoir Forfás.

**Ioncam -** Aithnítear sna ráitis airgeadais gach ioncam a fuarthas a fhad le dáta an lánscoir.

**Caiteachas** - i gcomhthéacs aistriú fheidhmeanna Forfás go dtí an roinn níos déanaí in 2014 ó 1 Eanáir 2014, ghlac an roinn freagracht as caiteachas a bhain le caiteachas uile neamh-phá Forfás ach amháin an caiteachas a bhain le hoiliúint agus forbairt agus gníomhaíochtaí INAB. Le linn thréimhse 1 Eanáir 2014 go 1 Lúnasa 2014, d'íoc an Roinn €1,515,248 a bhain le caiteachas Forfás. Tá an caiteachas seo léirithe i gcuntas Leithghabhála agus ní aithnítear é sna ráitis airgeadais seo. Dá thoradh sin, ní féidir comparáid a dhéanamh idir méideanna caiteachais 2014 agus méideanna 2013 maidir le roinnt catagóirí caiteachais. Laghdaíodh deontas na Roinne do Forfás faoin méid céanna.

**Sócmhainní agus Dliteanais** - aithnítear sna ráitis airgeadais gach sócmhainn agus dliteanas ag dáta an lánscoir a aistríodh chuig an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

**Sócmhainní agus Dliteanais a aistríodh chuig an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta nó chuig Comhlachtaí Stáit éagsúla eile**

Is é seo a leanas achoimre ar shócmhainn agus dhliteanais a aistríodh chuig an Aire Post, Fiontar agus Nuálaíochta nó chuig Comhlachtaí Stáit éagsúla eile:

| | €'000 |
|---|---|
| Sócmhainní seasta | 5 |
| Cuntais Infhaighte | 513 |
| Iarmhéideanna Bainc | 862 |
| Cuntais Iníoctha | (11) |
| Dliteanas Pinsean | (1,157,504) |
| Maoiniú Iarchurtha Pinsean | 1,157,504 |

## 2. Aitheantas Ioncaim

Seasann Ioncam ó Dheontas Oireachtais d'fháltas iarbhír airgid i rith na bliana.

## 3. Sócmhainní Seasta agus Dímheas

Is é atá sna Sócmhainní Seasta iad siúd atá inláimhsithe agus ar le Forfás iad agus atá luaite ag an gcostas lúide dímheas carntha. Áirítear an dímheas d'fhonn costas sócmhainní seasta a dhíscríobh thar a saol úsáideach measta mar seo a leanas:

- Trealamh Ríomhaireachta: 3 bliana
- Mótarfheithicilí: 4 bliana
- Suitigh agus Feistis : 5 bliana

Gearrtar dímheas i mbliain an cheannaigh agus ní ghearrtar i mbliain an diúscartha. Caitear Suitigh agus Feistis agus Trealamh Ríomhaireachta faoin tairseach chaipitlithe dar suim €1,000 sa Chuntas Ioncaim agus Caiteachais i mbliain an cheannaigh.

## 4. Cuntas Caipitil

Seasann an Cuntas Caipitil don chiste gan amúchadh a úsáidtear le Sócmhainní Seasta a fháil.

## 5. Airgeadra Eachtrach

Aistrítear sócmhainní agus dliteanais airgeadúla atá ainmnithe in airgeadra eachtrach ag na rátaí malairte ar dháta an Chláir Chomhardaithe. Aistrítear ioncam agus costais ag na rátaí malairte ar dhátaí na n-idirbheart is bun leo.

## 6. Féichiúnaithe

Díscríobhadh drochfhiacha a bhí ar eolas de réir mar a d'éirigh siad aníos agus déantar foráil shonrach nuair a mheastar aisghabháil a bheith amhrasach.

## 7. Costais Pinsean

D'fheidhmigh Forfás sé scéim neamh-mhaoinithe pinsean le sochar sainithe, a maoiníodh go bliantúil ar bhonn íoc mar a thuilleann tú ó airgead a bhí ar fáil dó, lena n-áirítear airgead a sholáthair an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta agus ó ranníocaíochtaí áirithe a bhaintear as tuarastail baill foirne.

Léirítear le costais pinsean na sochair pinsean a shaothraíonn fostaithe sa tréimhse agus léirítear iad glan ar ranníocaíochtaí pinsean baill foirne coinnithe. Aithnítear méid atá comhfhreagrach leis an muirear pinsin mar ioncam sa mhéid go bhfuil sé in-aisghabhála agus go bhfuil sé seach-churtha ag deontais a fhaightear i rith na bliana le híocaíochtaí pinsean a dhíscaoileadh.

Léiríodh gnóthachain agus caillteanais achtúireacha a d'éirigh as dliteanais scéime sa Ráiteas Méid Iomlán Gnóthachan agus Caillteanas agus aithnítear coigeartú comhfhreagrach sa mhéid atá in-aisghabhála ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Seasann dliteanais pinsean do luach reatha íocaíochtaí pinsean amach anseo atá saothraithe ag baill foirne go dtí seo. Seasann maoiniú iarchurtha pinsean don tsócmhainn chomhfhreagrach atá le haisghabháil, i dtréimhsí atá le teacht, ón Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

Tomhaistear dliteanais scéim pinsean ar bhonn achtúireach, ag úsáid mhodh na n-aonad creidmheasa réamh-mheasta.

# Cuntas Ioncaim agus Caiteachais

## I gComhair Thréimhse 1 Eanáir go 1 Lúnasa 2014

| | Nótaí | **2014<br>7 mí<br>€'000** | 2013<br>12 mí<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Ioncam** | | | |
| Deontas Oireachtais | 1 | **22,565** | 40,076 |
| Táillí Gairmiúla –Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú | 2 | **1,922** | 2,183 |
| Eile | 3 | _ | 12 |
| Cláir Roinne | 6 | **140** | 391 |
| Glan-Mhaoiniú Pinsean Iarchurtha | 8 (e) | **14,700** | 27,474 |
| | | **39,327** | 70,136 |
| **Caiteachas** | | | |
| Riarachán agus Costais Ghinearálta | 4 | **3,508** | 9,282 |
| Dímheas– Coigeartú 2013 | 7 | **3** | 85 |
| Costais Pinsean | 8 (c.i) | **34,616** | 61,499 |
| Cláir Roinne | 6 | **140** | 391 |
| | | **38,267** | 71,257 |
| (Easnamh)/Farasbarr na Tréimhse | | **1,060** | (1,121) |
| Ranníocaíocht leis an Stát-Chiste | 5 | **(1,020)** | (488) |
| Iarmhéid ag tús na Tréimhse | | **1,271** | 2,804 |
| Aistriú (chuig)/ó Chuntas Caipitil | 9 | **53** | 76 |
| **Iarmhéid ag Deireadh na Tréimhse** | | **1,364** | **1,271** |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo na Beartais Cuntasaíochta, an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 14.

Thar ceann an Bhoird:


**John Murphy**
*Ard-Rúnaí*
An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta

# Ráiteas Gnóthachain agus Caillteanais Aitheanta

## I gComhair Thréimhse 1 Eanáir go 1 Lúnasa 2014

| | Nótaí | **2014**<br>**7 mí**<br>**€'000** | 2013<br>12 mhí<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Ráiteas Gnóthachain agus Caillteanais Iomlána Aitheanta** | | | |
| (Easnamh)/Farasbarr na Bliana | | **1,060** | (1,121) |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach ar Dhliteanais Pinsean | 8 (c.ii) | **(63,645)** | 25,395 |
| Coigeartú ar Mhaoiniú Pinsean Iarchurtha | 8 (c.ii) | **63,645** | (25,395) |
| **Gnóthachan Iomlán Aitheanta na Bliana** | | **1,060** | (1,121) |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo na Beartais Cuntasaíochta, an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 14.




**John Murphy**
*Ard-Rúnaí*
An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta

# Clár Comhardaithe

## Mar a bhí ar 1 Lúnasa 2014

| | Nótaí | **1 Lúnasa 2014** €'000 | 31 Nollaig 2013 €'000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní Seasta** | | | |
| Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | 7 | **5** | 58 |
| **Iomlán Sócmhainní Seasta** | | **5** | 58 |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| Méideanna Infhaighte | 10 | **513** | 693 |
| Banc | | **862** | 1,092 |
| | | **1,375** | 1,785 |
| **Cuntais Iníoctha** | 11 | **11** | 514 |
| **Glánsócmhainní Reatha** | | **1,364** | 1,271 |
| **Sócmhainn Maoiniú Iarchurtha** | 8 (d) | **1,157,504** | 1,189,753 |
| **Dliteanas Pinsean** | 8 (d) | **(1,157,504)** | (1,189,753) |
| **Iomlán Sócmhainní Iúide Dliteanais reatha** | | **1,369** | 1,329 |
| Léirithe ag: | | | |
| **Cuntas Caipitil** | 9 | **5** | 58 |
| **Cuntas Ioncaim agus Caiteachais** | | **1,364** | 1,271 |
| | | **1,369** | 1,329 |

Is cuid de na Ráitis Airgeadais seo na Beartais Cuntasaíochta, an Ráiteas Sreabhadh Airgid agus Nótaí 1 go 14.




**John Murphy**
*Ard-Rúnaí*
An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta

# Ráiteas Sreabhaidh Airgid

## I gComhair Thréimhse 1 Eanáir go 1 Lúnasa 2014

| | Nótaí | **2014**<br>**7 mí**<br>**€'000** | 2013<br>12 mhí<br>€'000 |
|---|---|---|---|
| **Réiteach Glanghluaiseachta na Bliana go Glansreabhadh Airgid ó Oibríochtaí** | | | |
| **Farasbarr na Tréimhse** | | **1,060** | (1,121) |
| Ús Bainc | | **0** | (12) |
| (Brabús)/Caillteanas ar Dhiúscairt Sócmhainní | | **51** | 4 |
| Muirear Dímheasa: | | | |
| - Sócmhainní Seasta Inláimhsithe – Coigeartú 2013 | 7 | **3** | 85 |
| (Méadú)/Laghdú i gCuntais Infhaighte | 10 | **180** | 2,281 |
| (Laghdú)/Méadú i gCuntais Infhaighte | 11 | **(503)** | (42) |
| **Glansreabhadh airgid ó Oibríochtaí** | | **791** | 1,195 |
| **Ráiteas Sreabhaidh Airgid** | | | |
| **Glansreabhadh airgid ó Oibríochtaí** | | **791** | 1,195 |
| **Torthaí ar Infheistíocht agus Seirbhísiú Airgeadais** | | | |
| Ús Bainc | | _ | 12 |
| **Sreabhadh Airgid roimh Chaiteachas Caipitil** | | **791** | 1,207 |
| **Maoiniú caipitil** | | _ | _ |
| Diúscairt Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | | | |
| Ceannach Sócmhainní Seasta Inláimhsithe | 7 | **(1)** | (13) |
| **Sreabhadh Airgid i ndiaidh Caiteachas Caipitil** | | **790** | 1,194 |
| Ranníocaíocht le Stát-Chiste | 5 | **(1,020)** | (488) |
| **Méadú/(Laghdú) ar Airgead Tirim** | | **(230)** | 706 |
| **Réiteach Méadú/(Laghdú) ar Airgead go hAirgead ag Banc** | | | |
| **Gluaiseacht Airgid don Tréimhse** | | **(230)** | 706 |
| **Airgead ag Banc ag Tús na Tréimhse** | | **1,092** | 386 |
| **Airgead ag Banc ag Deireadh na Tréimhse** | | **862** | 1,092 |



**John Murphy**
*Ard-Rúnaí*
An Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta

# Nótaí maidir leis na Ráitis Airgeadais

## Tréimhse Dar Críoch 1 Lúnasa 2014

| **1. Deontas Oireachtais** | | **2014** | 2013 |
|---|---|---|---|
| | | **€'000** | €'000 |
| Arna Mhaoiniú ag an Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta Vóta 32 | | | |
| **Riarachán agus Costais Ghinearálta** | Fo-cheannteideal A.3. Forfás | **16,523** | 29,661 |
| **Acht um Bearta Airgeadais** (Nóta 8 (a.i)) | Fo-cheannteideal A.3. Forfás | **6,042** | 10,415 |
| Iomlán | | **22,565** | 40,076 |

(a) Faoi Alt 11 den Acht Um Fhorbairt Tionsclaíochta 1993, mar a leasaíodh in Alt 4(a) den Acht Um Fhorbairt Tionsclaíochta 2009, €7,000,000,000. Ar 1 Lúnasa, 2014 ba é €5,017,810,754 an méid comhiomlán a tugadh d'Fhiontraíocht Éireann, ÚFT Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann.

(b) Faoi Alt 14(3) den Acht Um Fhorbairt Tionsclaíochta, 1986, Alt 37 den Acht Um Fhorbairt Tionsclaíochta, 1969 agus Ailt 2 agus 3 den Acht Um Fhorbairt Tionsclaíochta, 1977, maidir le méid comhiomlán na ndeontas a thugann an tAire do Forfás agus a Ghníomhaireachtaí chun a chur ar a gcumas a oibleagáidí nó dliteanais a chomhlíonadh maidir le bunairgead agus ús de bhun Ráthaíochtaí Iasachta faoi aon alt díobh seo, ní rachaidh sé thar €158,717,260. Ar 1 Lúnasa 2014 ba é €13,547,211 an méid foriomlán a tugadh.

**2. Táillí Gairmiúla -Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú**

Bunaíodh Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú (BNÉC) mar Choiste de chuid Forfás faoi Alt 10 den Acht Um Fhorbairt Tionsclaíochta 1993, mar a leasaíodh in Alt 46 den Acht Um Fhorbairt Tionsclaíochta (Fiontraíocht Éireann), 1998 leis na feidhmeanna a shainítear thíos a dhéanamh.

Is é an comhlacht náisiúnta é atá freagrach as creidiúnú eagraíochtaí atá páirteach i gcalabrú, tástáil, cigireacht agus teastasú cáilíocht, táirge agus córais bainistíochta pearsanra in Éirinn agus is é an t-údarás reachtúil monatóireachta é fosta ar chomhall DCS (Dea-chleachtais Saotharlainne). Is é an comhlacht inniúil é i gcomhair EMAS (Éicea-bhainistíocht agus Scéim Iniúchta na hEorpa). Eascraíonn táillí gairmiúla as na gníomhaíochtaí seo ina mbíonn measúnacht saotharlann agus comhlachtaí deimhniúcháin. Áirítear costais a thabhaítear nuair a chruthaítear an t-ioncam seo sa cheannteideal chuí caiteachais.

Faoin Acht Um Fhorbairt Tionsclaíochta (Lánscor Forfás) 2014, aistríodh Bord Náisiúnta na hÉireann um Chreidiúnú go dtí an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta.

# Nótaí maidir leis na Ráitis Airgeadais

## Tréimhse Dar Críoch 1 Lúnasa 2014

### 3. Ioncam Eile

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Ús Bainc | _ | 12 |
| **Iomlán** | _ | 12 |

### 4. Riarachán agus Costais Ghinearálta

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | €'000 | €'000 |
| Luach Saothair agus Costais Comhaltaí Boird (Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh san áireamh)[1] | 125 | 222 |
| Costais Pá[2] | 2,837 | 5,094 |
| Costais Pearsanra Eile | 113 | 165 |
| Costais Taistil agus Chothaithe | 44 | 167 |
| Seirbhísí Speisialaithe agus Gairmiúla | 464 | 974 |
| Taighde agus Staidéir | (2) | 784 |
| Cíos, Rátaí, Cóiriúchán agus Cothabháil | (74) | 1,405 |
| Costais Eile Oibriúcháin | 25 | 447 |
| Táille Iniúchóireachta | (24) | 24 |
| **Iomlán** | 3,508 | 9,282 |
| Is é a bhí sna Costais Pá: | | |
| Pá agus Tuarastal | 2,619 | 4,695 |
| Costais Leas Sóisialta | 189 | 339 |
| Costais Aoisliúntais | 29 | 60 |
| **Iomlán** | 2,837 | 5,094 |

# Nótaí maidir leis na Ráitis Airgeadais

## Tréimhse Dar Críoch 1 Lúnasa 2014

### 4. Riarachán agus Costais Ghinearálta (ar lean)

[1] Is mar seo a leanas a bhí Luach Saothair Comhaltaí Boird:

| | | 2014 €'000 | 2013 €'000 |
|---|---|---|---|
| Eoin O'Driscoll | | **12** | 21 |
| Barry O'Leary | | **-** | - |
| Frank Ryan | Chuaigh ar Scor 02/11/2013 | **-** | - |
| Julie Sinnamon | Ceaptha 03/11/2013 | **-** | - |
| Mark Ferguson | | **-** | - |
| John Murphy | | **-** | - |
| Martin D. Shanahan | | **-** | - |

Costais Comhaltaí Boird €0 (2013 €0).

Luach Saothair an Phríomhfheidhmeannaigh

Ba é €102,407 luach saothair an Phríomhfheidhmeannaigh i gcomhair thréimhse 1 Eanáir go 1 Lúnasa 2014. Ba thuarastal é seo a bhí faoi réir gnáthshocruithe pinsin earnáil phoiblí agus bhí úsáid carr comhlachta faoi réir sochar comhchineáil dar suim €8,207 (€14,070 per annum). Ba é €175,554 tuarastal bliantúil an Phríomhfheidhmeannaigh in 2014. Ní fhaigheann an Príomhfheidhmeannach táille as a bheith ina Chomhalta Boird.

Ní raibh aon bhónas feidhmíochta infheidhme.

[2] Baineadh tobhach pinsin as Pá agus íocadh é le RPFN €200,734 (€396,907 in 2013)

# Nótaí maidir leis na Ráitis Airgeadais

## Tréimhse Dar Críoch 1 Lúnasa 2014

### 5. Ranníocaíocht leis an Stát-Chiste

Is é atá sa tsuim iomlán €1,020,000, aisíoc Dheontas an Oireachtais (€405,000) agus a Ioncam féin sa bhreis (€615,000).

### 6. Cláir Roinne

Forfás a riarann na cláir seo, a mhaoinítear go seachtrach, thar ceann na gcomhlachtaí maoiniúcháin atá liostaithe thíos. Cuirtear na cláir seo san áireamh trí ioncam a mheaitseáil le caiteachas. Léirítear ró/gannchaiteachas ar an cláir seo i gcuntais infhaighte (nóta 10), iníoctha (nóta 11) de réir mar is cuí.

| b) Cláir | | **2014 €'000** | 2013 €'000 |
|---|---|---|---|
| Grúpa Saineolaithe ar Riachtanais Scileanna Amach Anseo | 1 | **140** | 391 |
| **Iomlán** | | **140** | 391 |

**Mionsonraí Comhlachtaí Maoiniúcháin:**

[1] Ciste Náisiúnta Oiliúna na Roinne Oideachais agus Scileanna

# Nótaí maidir leis na Ráitis Airgeadais

## Tréimhse Dar Críoch 1 Lúnasa 2014

**7. Sócmhainní Seasta Inláimhsithe**

| | Trealamh Ríomhaireachta €'000 | Mótarfheithiclí €'000 | Suitigh & Feistis €'000 | **Iomlán €'000** |
|---|---|---|---|---|
| **Costas** | | | | |
| Ar 1 Eanáir 2014 | 930 | 47 | 2,615 | **3,592** |
| Breisithe – Coigeartú 2013 | 1 | - | - | **1** |
| Diúscairtí | (576) | (47) | (2,369) | **(2,992)** |
| Ar 1 Lúnasa 2014 | 355 | - | 246 | **601** |
| **Dímheas** | | | | |
| Ar 1 Eanáir 2014 | 926 | 36 | 2,572 | **3,534** |
| Muirear Bliana – Coigeartú 2013 | - | - | 3 | **3** |
| Diúscairtí | (572) | (36) | (2,333) | **(2,941)** |
| Ar 1 Lúnasa 2014 | 354 | - | 242 | **596** |
| **Glanmhéid Leabhair** | | | | |
| Ar 1 Eanáir 2014 | 4 | 11 | 43 | **58** |
| Glanghluaiseacht Bliana | (3) | (11) | (39) | **(53)** |
| Ar 1 Lúnasa 2014 | 1 | - | 4 | **5** |

# Nótaí maidir leis na Ráitis Airgeadais

## Tréimhse Dar Críoch 1 Lúnasa 2014

### 8. Pinsin

**a)** Bhí Forfás freagrach as costais pinsin baill foirne Forfás, ÚFT Éireann, Fiontraíocht Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus iar-ghníomhaireachtaí áirithe, faoin Acht Um Fhorbairt Tionsclaíochta, 1993, 1998 agus 2003. Eascraíonn na costais seo faoi théarmaí na scéimeanna seo a leanas

| Scéim | Foireann a Chumhdaítear | Cineál |
|---|---|---|
| **Forfás** | Cumhdaíonn scéim forfás na catagóirí seo a leanas in Forfás agus ina ghníomhaireachtaí -<br>(a) baill foirne a earcaíodh a fhad le 5 Aibreán 1995 a bhí inphinsin i ndiaidh an dáta sin,<br>(b) baill foirne a earcaíodh i ndiaidh 5 Aibreán 1995,<br>(c) líon beag baill foirne a cumhdaíodh roimhe seo faoi Scéim Aoisliúntais an Gharda Siochána,<br>(d) líon beag baill foirne a cumhdaíodh roimhe seo faoi Scéimeanna FAS/AnCO,<br>(e) líon beag baill foirne a cumhdaíodh roimhe seo faoi Scéim Aoisliúntais Chuideachta Forbartha Neamhchustaim Aerfort na Sionainne Teo. | Ranníocaíocht, Sochar Sainmhínithe, Neamh-mhaoinithe.<br>Tá líon beag acu sin i gcatagóir (b) san áireamh ar bhonn neamh-ranníocaíochta. |
| **Iarbaill foirne Údarás um Fhorbairt Tionsclaíochta** | Baill foirne an iar-ÚFT agus iad siúd a d'earcaigh Forfás agus a ghníomhaireachtaí sna gráid chuí idir 1 Eanáir 1994 agus 5 Aibreán 1995. | Ranníocaíocht, Sochar Sainmhínithe. Maoinithe go dtí 31/12/2009 **(Féach Nóta 8(a.i))** |
| **Iarbaill foirne *Eolas*** | Iarbhaill foirne *Eolas* (seachas iad siúd a chumhdaítear faoi iar-scéim BNET thíos) agus iad siúd a d'earcaigh Forfás agus a ghníomhaireachtaí sna gráid chuí idir 1 Eanáir 1994 agus 5 Aibreán 1995. | Neamh-ranníocaíocht Sochar Sainmhínithe, Neamh-mhaoinithe. |
| **Iar-Bhord Náisiúnta Eolaíochta agus Teicneolaíochta (BNET)** | Líon beag baill foirne an iar-BNET a bhí i seirbhis ar 31 Nollaig 1987. | Ranníocaíocht Sochar Sainmhínithe, Neamh-mhaoinithe |
| **Iar-Chomhairle Earraí Éireann** | Líon beag baill foirne iar-Chomhairle Earraí Éireann a bhí i seirbhís ar 31 Lúnasa 1991. | Ranníocaíocht Sochar Sainmhínithe Maoinithe go dtí 31/12/2009. **(Féach Nóta 8(a.i)** |
| **An iar-Bhord Tráchtála (ABT)** | Baill foirne iar-ABT (seachas iad siúd a chumhdaítear faoi scéim iar-Chomhairle Earraí Éireann thuas) arbh fhostaithe inphinsin iad ar 22 Iúil 1998. | Ranníocaíocht Sochar Sainmhínithe, Neamh-mhaoinithe. |

# Nótaí maidir leis na Ráitis Airgeadais

## Tréimhse Dar Críoch 1 Lúnasa 2014

### 8. Pinsin (ar lean)

Taobh amuigh de Scéim Iar-Chomhairle Earraí Éireann, cuimsítear Scéimeanna Céilí agus Páistí i ngach Scéim.

Forfás a íocann as glanchostais a thagann as gnáthdhul ar scor. Íoctar iad seo as ioncam reatha. Úsáidtear ranníocaíochtaí a fhaigheann Forfás ó bhaill foirne sna scéimeanna neamh-mhaoinithe ranníocaíochta a bhfuil cur síos orthu thuas le páirtmhaoiniú a dhéanamh ar dhliteanais leanúnacha pinsean.

**a.i)** Faoin Acht um Bhearta Airgeadais (Forálacha Ilchineálacha) 2009, aistríodh sócmhainní scéimeanna an iar-Údaráis Forbartha Tionscail agus na hiar-Chomhairle Earraí Éireann chuig an gCúlchiste Náisiúnta Pinsean ar 31 Nollaig 2009. Tá na scéimeanna pinsean a bhaineann leis an dá chiste seo i bhfeidhm fós do bhaill reatha gan aon iarmhairt ar shochair ná soláthar bainteach do bhaill. Íocann ÚFT Éireann, Fiontraíocht Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann a ranníocaíochtaí fostóra agus fostaithe i leith na scéimeanna seo le Forfás lena n-íoc ar aghaidh leis an Stát-Chiste chomh maith lena íocaíochtaí féin. D'íoc Forfás ranníocaíochtaí iomlána fostóra (€441,683) agus fostaithe (€492,239) i leith na scéimeanna seo leis an Stát-Chiste in 2014 agus is trí Fo-cheannteideal Deontas Oireachtais A.3 a íoctar costais pinsean ag am scoir.

#### b) Nochtadh Pinsean faoi FRS 17

Faoi Chaighdeán Tuairiscithe Airgeadais 17 (FRS17) caithfear ráitis airgeadais a dhéanamh a léiríonn, ag luach cothrom, sócmhainní agus dliteanais a éiríonn as oibleagáidí aoisliúntais fostóra agus as aon mhaoiniú bainteach agus le haithint costas a bhaineann le sochair aoisliúntais a chur ar fáil sna tréimhsí cuntasaíochta ina saothraíonn na fostaithe iad.

| c.i) Anailís ar mhuirear iomlán pinsin | **2014 €'000** | 2013 €'000 |
|---|---|---|
| Costais Seirbhíse | **11,877** | 22,211 |
| Ús ar Dhliteanais Scéim Pinsean | **24,356** | 42,346 |
| Ranníocaíochtaí Fostaithe | **(1,617)** | (3,058) |
| | **34,616** | 61,499 |

#### c.ii) Anailís ar an méid a aithnítear i Ráiteas Gnóthachain agus Caillteanais Iomlána Aitheanta (STRGL)

| | | |
|---|---|---|
| Gnóthachain Taithí agus (Caillteanais) | **37,815** | 25,395 |
| Athruithe ar Fhoshuíomhanna | **(101,460)** | - |
| **Gnóthachain/(Caillteanais) Achtúireacha** | **(63,645)** | 25,395 |

# Nótaí maidir leis na Ráitis Airgeadais

## Tréimhse Dar Críoch 1 Lúnasa 2014

**8. Pinsin (ar lean)**

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| **d) Dliteanas Pinsean** | **(1,157,504)** | (1,189,753) |
| déanta de: | | |
| Luach reatha dliteanais scéimeanna pinsean | **(1,157,504)** | (1,189,753) |
| **Athruithe ar Dhliteanais Scéimeanna Pinsean** | | |
| Luach reatha oibleagáidí scéimeanna ag tús na bliana | **(1,189,753)** | (1,187,674) |
| Costas Reatha Seirbhíse | **(11,877)** | (22,211) |
| Costais Úis | **(24,356)** | (42,346) |
| Íocaíochtaí le Pinsinéirí | **21,533** | 37,083 |
| Dliteanais a Aistríodh chuig Gníomhaireachtaí Eile ar 16ú Iúil 2014 | **110,594** | - |
| Gnóthachan/(Caillteanas) Achtúireach | **(63,645)** | 25,395 |
| **Luach reatha oibleagáidí scéimeanna ag tús na bliana** | **(1,157,504)** | (1,189,753) |

Faoin Acht um Fhorbairt Tionsclaíochta (Lánscor Forfás) 2014, déantar fostaithe díreacha de bhaill foirne ar iasacht ó Forfás go dtí an tÚdarás Údarás Forbartha Tionsclaíochta Éireann, Fiontraíocht Éireann, Fondúireacht Eolaíochta Éireann agus Údarás Caighdeáin Náisiúnta na hÉireann de chuid na ngníomhaireachtaí sin le héifeacht ó 16 Iúíl 2014 agus aistríodh dliteanas a bhaineann le sochair bhainteacha pinsean go dtí na gníomhaireachtaí sin.

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| **e) Glanmhaoiniú Pinsean Iarchurtha sa bhliain** | **€'000** | €'000 |
| Maoiniú in-aisghabhála maidir le costais reatha pinsean | **36,233** | 64,557 |
| Maoiniú le pinsin a íoc | **(21,533)** | (37,083) |
| | **14,700** | 27,474 |

Aithníonn Forfás mar shócmhainn méid a chomhfhreagraíonn don dliteanas iarchurtha neamh-mhaoinithe do phinsin ar bhonn an tacair boinn tuisceana a bhfuil cur síos orthu thíos agus roinnt imeachtaí de chuid an ama atá caite, Áirítear leis na himeachtaí seo an bonn reachtúil i leith bhunú na scéimeanna aoisliúntais, agus an beartas agus cleachtas atá ar bun faoi láthair a bhaineann le pinsin seirbhís phoiblí a mhaoiniú lena n-áirítear ranníocaíochtaí fostaithe agus an próiseas bliantúil meastachán. Níl aon fhianaise ag Forfás nach leanfaidh an beartas maoiniúchain seo de riar ar shuimeanna den chineál seo de réir an chleachtais reatha.

€1,158 milliún (2013: €1,190milliún) an tsócmhainn mhaoiniúcháin iarchurtha do phinsin ar 1 Lúnasa 2014.

Tá cainníochtú an dliteanais bunaithe ar na boinn tuisceana airgeadais a leagtar amach i Nóta 8 (f). Cuirtear na boinn tuisceana a úsáidtear, atá bunaithe ar chomhairle ghairmiúil achtúireach, in iúl don Roinn Post, Fiontar agus Nuálaíochta.

# Nótaí maidir leis na Ráitis Airgeadais

## Tréimhse Dar Críoch 1 Lúnasa 2014

### 8. Pinsin (ar lean)

**f)** Bunaíodh an luacháil a úsáideadh le haghaidh nochtadh FRS17 ar luacháil achtúireach iomlán ar 1 Lúnasa 2014. Is mar seo a leanas a bhí na boinn tuisceana airgeadais a úsáideadh chun dliteanais scéime a áireamh faoi FRS17 ar 1 Lúnasa 2014:

| Modh luachála: | | Aonad Fortheilgthe: | |
|---|---|---|---|
| | | **2014** | **2013** |
| Ráta Lascaine | | 2.70% | 3.50% |
| Méaduithe Tuarastal | | 3.25% | 3.50% |
| Méaduithe Pinsean | | 2.75% | 3.00% |
| Ráta Boilscithe | | 1.75% | 2.00% |
| **Méan-ionchas saoil ualaithe le haghaidh táblaí básmhaireachta a úsáidtear le hoibleagáidí sochar a shocrú ag:** | | | |
| Ball dar aois 65 (ionchas saoil reatha ina bhlianta) | Fireann | 21.0 | 21.0 |
| | Baineann | 23.9 | 23.9 |
| Ball dar aois 40 (ionchas saoil ag aois 65 ina bhlianta) | Fireann | 23.8 | 23.8 |
| | Baineann | 25.8 | 25.8 |

**g) Stair gnóthachain agus caillteanais taithí**

| | 2014 | 2013 | 2012 | 2011 | 2010 |
|---|---|---|---|---|---|
| Stair oibleagáidí sochair shainmhínithe agus gnóthachain agus caillteanais taithí | | | | | |
| Oibleagáid shainmhínithe sochar (€'000) | 1,157,504 | 1,189,753 | 1,187,674 | 972,389 | 918,616 |
| Luach cothrom sócmhainní plean (€'000) (Nóta 8(ai)) | - | - | - | - | - |
| Easnamh/(Farasbarr) (€'000) | 1,157,504 | 1,189,753 | 1,187,674 | 972,389 | 918,616 |
| Gnóthachain/(Caillteanais) taithí ar dhliteanais scéime | | | | | |
| méid (€'000) | 37,815 | 25,395 | 57,323 | 10,889 | 38,274 |
| céatadán de luach reatha dliteanais scéime | 3.3% | 2.1% | 4.8% | 1.1% | 4.2% |

Is é €224 milliún an gnóthachan iomlán aitheanta achtúireach ó 2004.

**h) Maoiniú Pinsean**

Ní bheidh aon oibleagáid mhaoiniúcháin ar Forfás in 2015

# Nótaí maidir leis na Ráitis Airgeadais

## Tréimhse Dar Críoch 1 Lúnasa 2014

**9. Cuntas Caipitil**

| | | |
|---|---|---|
| | **€'000** | **€'000** |
| Ar 1 Eanáir 2014 | | **58** |
| Aistriú (chuig)/ó Chuntas Ioncaim agus Caiteachais | | |
| - Breisithe Costais | **1** | |
| - Diúscairtí Costais | **(2,992)** | |
| - Dímheas – Coigeartú 2013 | **(3)** | |
| - Diúscairtí Dímheasa | **2,941** | |
| | | **(53)** |
| **Ar 1 Lúnasa 2014** | | **5** |

**10. Cuntais Infhaighte**

| | | |
|---|---|---|
| | **2014** | 2013 |
| | **€'000** | €'000 |
| Féichiúnaithe Ginearálta | **199** | 324 |
| Réamhíocaíochtaí | **-** | 21 |
| Iarmhéideanna Idirghníomhaireachta | **283** | 333 |
| Párolla | **11** | 13 |
| Cláir Roinne | **20** | 2 |
| **Iomlán** | **513** | 693 |

Áirítear le Féichiúnaithe Ginearálta €0 (2013: €120,188) CBL Infhaighte ag Forfás Thar ceann Ghrúpa CBL Forfás (Forfás, ÚFT Éireann & Fiontraíocht Éireann)
Seasann iarmhéideanna idirghníomhaireachta, más ann dóibh, do mhéideanna atá dlite ó Ghníomhaireachtaí Forfás (ÚFT Éireann, Fiontraíocht Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann) agus áirítear leis CBL infhaighte dar suim €233,743 (2013: €310,708) ó ÚFT, FEÉ agus Fiontraíocht Éireann.

# Nótaí maidir leis na Ráitis Airgeadais

## Tréimhse Dar Críoch 1 Lúnasa 2014

### 11. Cuntais Iníoctha

| | **2014** | 2013 |
|---|---|---|
| | **€'000** | €'000 |
| Creidiúnaithe Ginearálta | **1** | - |
| Fabhruithe | **-** | 162 |
| Párolla | **10** | - |
| Iarmhéideanna Idirghníomhaireachta | **-** | 352 |
| **Iomlán** | **11** | 514 |

Áirítear le Creidiúnaithe Ginearálta €0 (2013: €0) CBL Iníoctha ag Forfás Thar ceann Ghrúpa CBL Seasann iarmhéideanna idirghníomhaireachta, más ann dóibh, do mhéideanna atá dlite do Ghníomhaireachtaí Forfás (ÚFT Éireann, Fiontraíocht Éireann agus Fondúireacht Eolaíochta Éireann) agus áirítear leis CBL infhaighte dar suim €233,743 (2013: €310,708) ó ÚFT, FEÉ agus Fiontraíocht Éireann.

### 12. Cánachas

Faoi Alt 227 den Acht Comhdhlúite Cánacha, 1997, tá Forfás Díolmhaithe ó thuilleadh cánacha ar ioncam cíosa Chás IV agus Chás V sa bhreis ar an méid a bhaintear ag an bhfoinse.

### 13. Comhaltaí Boird - Nochtadh Idirbheart

Sa ghnáthchúrsa gnó, féadann Forfás comhaontuithe conartha a dhéanamh le tiomantais ina bhfuil Comhaltaí Boird Forfás fostaithe nó a bhfuil suim leasaithe eile acu iontu. Tá gnáthaimh ag Forfás de réir na dtreoirlínte a d'eisigh an Roinn Airgeadais maidir le nochtadh suimeanna leasaithe ag Comhaltaí Boird agus chloígh Forfás leis na gnáthaimh seo.

Le linn 2014, ní dhearnadh aon íocaíocht le haon eagras a raibh baint ag Comhalta Boird leis.

### 14. Teagmhais agus Caingne Dlí

Ní ann d'aon teagmhas ná caingean dlí a bhfuil foráil shainiúil de dhíth ina leith sna Ráitis Airgeadais.

